RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/526 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Deireadh Fómhair 2020

lena gceartaítear an leagan Seicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) ([1]), agus go háirithe Airteagal 111(1), pointe (c), Airteagal 234, Airteagal 241, pointí (a) agus (c), Airteagal 245(4), Airteagal 248(7) agus Airteagal 260(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Seicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún ([2]), tá earráidí in Airteagal 182(1), in Airteagal 190(1) agus (2), in Airteagal 331(1), pointe (a), in Airteagal 332(1), an abairt tosaigh agus pointe (a), in Airteagal 333(1), an abairt tosaigh agus pointe (a), in Airteagal 335(1), pointí (a), (b) agus (d), in Airteagal 343(5), pointe (a)(iv), in Airteagal 346(1), pointe (a), in Airteagal 350(1), pointe (a), in Airteagal 351(1), in Airteagal 351(2), pointe (c), in Airteagal 352(2), in Airteagal 355(4), pointe (b), in Airteagal 377(1) agus in Airteagal 380, pointe (b)(i), a athraíonn brí an téacs.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Seicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2020

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 335, 17.12.2009, lch. 1.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 12, 17.1.2015, lch. 1).